2024/460

5.2.2024

CINNEADH (CBES) 2024/460 ÓN gCOMHAIRLE

an 2 Feabhra 2024

lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/101/CBES ([1]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/101/CBES, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 20 Feabhra 2025. Ba cheart don Chomhairle leanúint d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na bearta sriantacha sin i bhfianaise forbairtí polaitiúla agus slándála sa tSiombáib.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/101/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 10 de Chinneadh 2011/101/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 20 Feabhra 2025.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
H. LAHBIB

([1]) Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).